- 2 Ba cheart laghdú chomh mór agus is féidir a dhéanamh ar úsáid shubstaintí dainséaracha/shubstaintí is cúis le truailliú agus ar dhramhaíl a chruthaítear; ba cheart go mbeadh bonn láidir ó thaobh na timpeallachta faoi bhainistiú dramhaíola
- 3 Ba cheart acmhainní is féidir a athnuachan a úsáid laistigh den chumas atá iontu athghiniúint a dhéanamh
- 4 Ba cheart caighdeán na n-acmhainní ithreach agus uisce a choimeád agus a fheabhasú
- 5 Ba cheart éagsúlacht an fhiadhúlra, na ngnáthóg agus na speiceas a choimeád agus a fheabhasú
- 6 Ba cheart an t-aer agus an t-atmaisféar a chosaint agus tionchar an duine ar an aeráid a laghdú chomh mór agus is féidir
- 7 Níor cheart go ndéanfadh forbairt ar acmhainneacht acmhainní i réigiún amháin an bonn a bhaint ón gcumas atá ag réigiúin eile a n-acmhainneacht féin a bhaint amach
- 8 Ba cheart uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn chun lena chinntiú go mbeadh caighdeán maith saoil ag cách
- 9 Braitheann forbairt inbhuanaithe ar chomhoibriú agus ar chomhréiteach idir stáit
- 10 Ba cheart ardchaighdeán na dtírdhreach, oidhreacht na timpeallachta atá cruthaithe ag an duine agus acmhainní cultúrtha agus stairiúla a choimeád agus a fheabhasú
- 11 Ba cheart cinnteoireacht a thiomnú go dtí an leibhéal cúf
- 12 Ba cheart rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a chur chun cinn go dtí gach leibhéal cinnteoireachta

T É A M A

Riachtanais dhaonna a shásamh trí úsáid éifeachtach ar acmhainní

Prionsabal 1:

Ba cheart laghdú chomh mór agus is féidir a dhéanamh ar úsáid acmhainní nach féidir a athnuachan

Brí, ciall, údar

Ba chóir gach acmhain a úsáid chun riachtanais dhaonna á shásamh ar mhódh chomh héifeachtach agus is féidir. Chun acmhainí a úsáid níos éifeachtaí tá sé riachtanach go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis an dí-ábharú: i bhfocail eile, laghdú a dhéanamh ar an méid acmhainní a húsáidtear do gach aonad táirgíochta. Is ábhar díospóireachta é an méid dí-ábharaithe a bhíonn riachtanach; le rátaí atá molta ag titim i raon leathan idir 10% agus 90% d'úsáid reatha acmhainní. Thabharfadh leibhéil éifeachtacha úsáide cead do na glúine reatha chomh maith leis na glúine atá le teacht i dtíortha forbartha agus i dtíortha atá ag forbairt freastal ar a riachtanais agus caighdeán inghlactha maireachtála a bheith acu gan an bonn a bhaint ó acmhainn iompair na gcóras maireachtála.

Ní foláir acmhainní nach féidir a athnuachan, ar nós ola, miotail, agus ithreacha agus screamhuisce i roinnt mhaith cásanna, a úsáid go ffor-chúramach mar nach mbíonn siad ar fáil níos mó tar éis a n-ídithe, is é sin le rá nach ndéanann siad athnuachan mear a ndóthain chun a bheith ar fáil dár gclann agus do chlann ár gclainne. Dá bhrí sin, chun a bheith cinnte go mbeadh na glúine atá le teacht in ann freastal ar a riachtanais, caithfidimid deimhin a dhéanamh de go gcuirfidimid ar aghaidh chucu acmhainní riachtanacha nach féidir a athnuachan.

Ábharthacht d'Éirinn

Úsáideann Éirinn go leor acmhainní nach féidir a athnuachan, cuid acu atá ar fáil laistigh de dhlíne an Stáit, agus cuid mhaith a tugtar isteach ón iasacht. Tá táirgí ola an-tábhachtach sa chomhthéacs seo agus ar chuid de na nithe is mó atá i dtreis anseo tá polasaí iompair (taisteal príobháideach seachas taisteal poiblí, bóithre seachas iarnróid, agus brú tráchta agus na fadhbanna a ghabhann le ídiú breise ar hidreacarbón). Baintear úsáid fhorleathan as miotail sa ghnáthshaol agus sa phróiseas déantúsaíochta. Déantar cuid acu (leithéidí sinc agus luaidhe) a bhaint as mianaigh in Éirinn, tugtar isteach a bhformhór ó áiteanna eile. Arís, is é an toradh a bhíonn ar úsáid táirgí nach maireann ach tamall gearr, gan athúsáid ná athchúrsáil, go ndéantar ídiú mear ar acmhainní. Is féidir ithir agus screamhuisce a úsáid mar shamplaí breise d'acmhainní nach féidir a athnuachan. Is é a bhíonn mar thoradh ar ró-innilt in áiteanna áirithe, chomh maith le cleachtais talmhaíochta eile nach mbíonn aireach, go n-ídtéar an chré agus go gcailltear acmhainní luachmhara. Ar ídiú nó ar thruailliú screamhuisce d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé ina uiscíoch torthúil go deo arís. Tá truailliú screamhuisce in Éirinn ina ábhar tromchúiseach in limistéir áirithe, ach go háirithe maidir le foinsí uisce do scéimeanna uisce le hól faoin tuath.

Úsáideann muid acmhainní ní hamháin ó Éirinn ach ó thíortha eile chomh maith. Tá sé riachtanach mar sin na riachtanais a bheidh ag glúine atá le teacht sna tíortha eile sin a chur san áireamh.

T É A M A

Riachtanais dhaonna a shásamh trí úsáid éifeachtach ar acmhainní

Prionsabal 2:

Ba cheart laghdú chomh mór agus is féidir a dhéanamh ar úsáid shubstaintí dainséaracha/shubstaintí is cúis le truailiú agus ar dhramhaíl a cruthaítear; ba cheart go mbeadh bonn láidir ó thaobh na timpeallachta faoi bhainistiú dramhaíola

Brí, ciall, údar


Braitheann leas leanúnach an duine ar an gcóras tacaíochta maireachtála ar an domhan a bheith ag obair go héifeachtach. Trí shreabhadh fuinnimh agus trí chúrsáil ábhar tugann an córas seo bia dúinn, cothaíonn sé torthúlacht na hithreach agus an uisce, cothaíonn sé cothromaíocht i measc gháis an atmasféir, cothaíonn sé aeráid dhomhanda agus soláthraíonn sé áilleacht nádúrtha agus an chastacht atá riachtanach chun go mbraithfeadh go leor daoine go maith iontu féin. Cuireann gníomhartha san am a caitheadh nó san am i láthair, a bhfuil baint acu le tionsclaíocht, talmhaíocht, iompar agus córais tís, substaintí ar fáil atá ró-thoirtiúil nó a bhfuil an iomarca nimhe iontu chun go dtógfadh na próisis tacaíochta maireachtála seo isteach iontu féin iad. Dá bhrí sin méadaíonn ábhair truailithe de réir a chéile san ithir, in uisce agus san aer, agus laghdaíonn siad éifeacht ár gcórais tacaíochta maireachtála. D'fhéadfadh impleachtaí an-thromchúiseacha a bheith aige seo sa todhchaí; níl aon eolas cruinn againn go fóill ar an éifeacht atá ag go leor ábhar truailithe ar an timpeallacht ná ar ár sláinte. Dá bhrí sin ní mór dúinn cur chun oibre de réir an phrionsabail réamhchúraim agus laghdú chomh mór agus is féidir a dhéanamh ar shubstaintí truailithe agus substaintí atá oiriúnach don timpeallacht a fháil ina n-ionad agus teacht ar bhealaí chun glacadh le teicneolaíochtaí atá níos glaine nó a bhfuil a malairt ar fáil.

Ábharthacht d'Éirinn

In Éirinn na linne seo tá géarchéim romhainn amach maidir le bainistiú dramhaíola. Táthar tar éis dramhaíl chontúirteach (ar a n-áirítear substaintí atá thar a bheith tocsaineach) a chaitheamh isteach ar láithreáin líonta talún gan bearta leordhóthanacha sábháilteachta ná cuntais chearta a choimeád. Cé go n-aithnítear le tamall anuas go bhfuil gá le láithreáin líonta talún a bhfuil an innealtóireacht chúfí déanta orthu, is ar chaighdeán an-íseal a oibríodh láithreáin líonta talún san am a caitheadh agus bhí truailiú tocsaineach uisce dhromchla agus screamhuisce mar thoradh air sin, chomh maith le laghdú ar chaighdeán aeir. D'fhág gníomhaíocht tionscaláíochta san am a caitheadh, mianadóireacht go háirithe, talamh truailithe againn a chruthaíonn fadhbanna tromchúiseacha leanúnacha ar nós draenáil mianraí aigéadacha.

Caithfidh go dtáirgíonn ídiú ard ar ábhar sa sochaí, in éagmais athúsáide agus athchúrsála éifeachtaí, cuid mhór d'ábhar breise a measadh mar “dhramhaíl” go dtí seo. Facthas bainistiú dramhaíola mar rud atá scartha amach ó thionscail tháirgiúlachta. Dearcadh é seo atá lochtach ó bhonn agus a chaithfear a athrú má táimid chun dul i dtreo na hinmharthanachta. Is féidir go leor den dramaíol a úsáid mar acmhainn, mar shampla, chun leictreachas a ghiniúint. Ní mór feabhas as cuimse a chur ar shaoráidí athúsáide agus athchúrsála agus ba cheart ábhar a cuirtear go dtí láithreáin líonta talún agus cóireála teasa a choimeád chomh beag agus is féidir. Is í an sprioc bhunúsach go ndéanfaí béim i bhfad níos mó a chur ar an tábhacht atá le laghdú a dhéanamh ar an dramhaíl a táirgtear, ar athúsáid agus athchúrsáil agus tábhacht dhiúscairt dramhaíola.

Tá plean náisiúnta anois ann chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl chontúirteach agus ba cheart dúinn a bheith ag dul i dtreo staid ina mbeadh táirgeadh dramhaíola den sórt sin chomh beag agus is féidir mar go mbaineann baol áirithe don timpeallacht leis na modhanna diúscartha atá ar fáil dúinn, agus dá thoradh sin baol áirithe do leas an duine.



Cothromas idir glúine

T É A M A

Prionsabal 3:

Ba cheart acmhainní is féidir a athnuachan a úsáid laistigh den chumas atá iontu athghiniúint a dhéanamh

Brí, ciall, údar

Tugann acmhainní is féidir a athnuachan, ar nós táirgí talmhaíochta, táirgí dobharchultúir, adhmaid agus acmhainní fiadhúlra, an deis dúinn barr a thógáil gan an stoc a chur i mbaol. Dá bhrí sin, bliain i ndiaidh bliana is féidir linn cuid den acmhainn a thógáil dúinn féin, gan laghdú a dhéanamh ar an teacht iomlán a bhíonn air. Bíonn fadhb ann má thógaimid barr atá ró-mhór. Mar shampla, má thógaimid le líonta in aon bhliain amháin níos mó trosc ná mar a cuirtear isteach sa phobal trí fhás mhion-iasc ina n-éisc óga (athghiniúint), rachaidh pobal na dtrosc ar gcúl dá bhrí sin agus laghdaíonn an barr a bhíonn ar fáil dúinn sa todhchaí. Faoi na coinníollacha seo má leanaimid orainn ag tógáil bairr mhóir, téann an pobal i laghad chomh mór sin go mb'fhéidir go rachadh an speiceas i léig ar fad nó go mbíonn dlús an phobail chomh híseal sin go mbíonn ar an iascach dúnadh ar fad. Sa tslí seo caillimid acmhainn agus bainimid an t-acmhainn sin ó glúine atá le teacht. Ar fud an domhain ar fad faoi na coinníollacha láithreacha a bhaineann le cúrsaí eacnamaíochta agus soisialta tá dainséar ann go mbainimid an iomarca d'acmhainní ar féidir athnuachan a dhéanamh orthu: adhmaid, trosc, bradán, cloicheán, míol mór, turtar, éanlaith seilge agus tá an baol ann go n-ídeofar go leor acmhainní eile is féidir a athnuachan: is léir nach bhfuil an úsáid a bhainimid as na hacmhainní seo lastigh den chumas atá iontu athghiniúint a dhéanamh. Dá bhrí sin tá gá le hatheagar a chur ar an modh a mbainimid fóimhar na n-acmhainní seo, go mbíonn an fóimhar lastigh de theorainneacha athghiniúna agus go gcoimeádtar stoic do na glúine atá ann i láthair na huaire agus na glúine atá le teacht.

Ábharthacht d'Éirinn

Tá go leor gnéithe ar a haire ag Éirinn maidir leis an úsáid a bhainimid as acmhainní is féidir a athnuachan, i dtaca leis na speicis atá in Éirinn féin, mar aon leo sin a bhaintear in áiteanna eile agus a ídítear in Éirinn. Tá laghduithe móra ar ghabhálacha éisc cláraithe le tamall maith de bhlianta taifeadta ag iascach mara na hÉireann mar go bhfuil laghdú an-mhór déanta ar stoc éisc agus ar éagsúlacht chineálacha éisc mar gheall ar ró-iascaireacht: tá géarchéim bainte amach againn. Tá curtha as go mór do speicis a bhfuil luach mór orthu ar nós an bhradáin. Tá gá le laghdú a dhéanamh ar an mbarr a thógtar agus chomh maith leis sin taighde breise a dhéanamh chun eolas leordhóthanach a chur ar fáil le haghaidh pleanála amach anseo, i dtreo is nach gcuirfear tuilleadh speiceas i mbaol.

Tá portaigh agus criathraigh i mbaol mar gheall ar bhaint mhóna, ar choilltí agus an iomarca caorach bheith orthu. Ní foláir na gníomhaíochtaí seo a smachtú agus a rialú chun caomhnú a dhéanamh ar chineálacha tábhachtacha portach sa todhchaí.

Is de thoradh ar bhainistiú foraoise ar a n-áirítear glanleagan crann, creimeadh ithreach agus gan athphlandáil a dhéanamh ina dhiaidh sin cuid mhaith den adhmaid a úsáidtear ar fud an domhain agus a allmhairítear go hÉirinn. Cé go bhfuil bearta idirnáisiúnta i bhfeidhm chun cur i gcoinne a leithéid de bhainistiú foraoise, ní ó fhoraoiseacha a bhfuil dea-bhainistíocht orthu an t-adhmaid ar fad atá ar díol in Éirinn. Dá bhrí sin tá tionchar ag ár rianú éiceolaíochta ar thíortha eile. Baintear an ceart de na glúine atá rochtain a bheith acu ar na hacmhainní seo, dá bhrí sin.



Cothromas idir glúine

T É A M A

Prionsabal 4:

Ba cheart caighdeán na n-acmhainní ithreach agus uisce a choimeád agus a fheabhasú

Brí, ciall, údar

Dhá acmhainn atá thar a bheith riachtanach chun go mairfeadh an duine is ea ithreacha torthúla agus uisce glan. Dá bhrí sin tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirimid, ar a laghad ar bith, an fhairsinge ithreach thorthúla agus uisce glan atá againn faoi láthair ar aghaidh go dtí na glúine atá le teacht. De réir mar a théann an daonra daonna domhanda i méid, leanfaidh an t-éileamh atá ar na hacmhainní sin ag fás. Ar scála domhanda tá ithreacha torthúla á gcailliúint mar gheall ar chleachtais bhainistíochta nach bhfuil ar fónamh. Is fásaigh a bhíonn mar thoradh ar ró-innilt i dtailte breachtúra, nochtann glanleagan crann i bhfhoraíseacha an ithir don sion a mbíonn creimeadh agus athruithe ceimiceacha go minic mar thoradh air, rud a dhéanann na hithreacha neamh-thorthúil. D'fhéadfadh feirmeoireacht ró-dhian, ach go háirithe nuair a cuirtear an iomarca leasuithe ceimiceacha agus lotnaidicídí amach, torthúlacht fhadtréimhseach na hithreach a laghdú. Ar scála domhanda tugann meastacháin áirithe le fios go bhfuil an domhan ag cailleadh 20% d'ithreacha torthúla gach deich mbliana. Tá acmhainní uisce á n-ídiú chomh maith mar gheall ar ró-úsáid agus truailliú. Toisc an t-éileamh a bheith níos mó, bíonn mar thoradh air sin go dtógtar dambaí, le hiarmhairtí diúltacha chomh maith le dearfacha do phobail a mbíonn tionchar ag an damba orthu agus do phobail atá le sruth ó na dambaí sin. Úsáidtear screamhuisce i gcúrsaí talmhaíochta agus tionsclaíochta ar ráta i bhfad níos airde ná mar is féidir é a chur ar ais, sa tslí is go dtiteann an léibhéal sáithiúcháin, triomaíonn riasca agus tailte fliucha agus bíonn baol i bhfad níos mó ann go ndéanfaí creimeadh ar ithreacha. Toisc an daonra daonna a bheith ag fás, ní foláir dúinn torthúlacht na hithreach agus na n-acmhainní uisce atá ann faoi láthair a choimeád; in éineacht leis sin beidh orainn méadú a dhéanamh ar an bhfáil atá ar na hacmhainní, fad is atáimid ag coimeád na bithéagsúlachta ag an am céanna.

Ábharthacht d'Éirinn

Cé go bhfuil an t-ádh linn go bhfuil aeráid againn a bhfuil claonadh inti gan coinníollacha ró-thirime ná titim uisce ró-dhian a thabhairt dúinn agus go bhfuil ithreacha againn atá torthúil agus saibhir le cré, níl sé de cheart againn neamhaird a dhéanamh d'acmhainní ithreach agus uisce. Tártaíonn creimeadh ithreach, mar shampla, de dheasca ró-innilte. Is féidir torthúlacht na n-ithreacha a laghdú tríd an iomarca úsáide a bhaint as leasuithe ceimiceacha agus lotnaidicídí. Cheana féin tá an iomarca fosfair i gcuid de na hithreacha in Éirinn. Is féidir le dianfheirmeoireacht mheicnithe ina mbaintear úsáid ar innealra trom an chré a bhrú, rud a laghdaíonn torthúlacht. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach ar chleachtais feirmeoireachta i dtaca leis an tionchar a bhíonn acu ar mhaireachtáil fhadtréimhseach agus torthúlacht ár n-ithreacha. Ní mór bainistiú cúramach a dhéanamh ar ár n-acmhainní uisce. Cé go maireann an chuid is mó dár ndaonra san oirthear tá an chuid is fearr dár n-acmhainní suite i dtreo an iarthair. Taispeáineann monatóireacht ar aibhneacha agus lochanna ar feadh tréimse ama go bhfuil laghdú ag teacht ar dhroch-thruailliú ach go bhfuil truailliú ag méadú ina iomláine. I measc na bhfoinsí truaillithe tá séarachas, droch-bhainistiú ar chlóis feirme agus cleachtais neamhshásúla maidir le leathadh leasuithe orgánacha agus tionsclaíocht áirithe. Tá na cúinsí seo, chomh maith le, mar shampla, láithreáin líonta talún a bhfuil droch-innealtóireacht orthu, áiseanna stórála uisce nach bhfuil sásúil agus dabhcha séarachais nach bhfuil ag obair ró-mhaith, le chéile ina gcúiseanna go bhfuil laghdú trom tagtha ar chaighdeán an screamhuisce in áiteanna. Ní mór dúinn beart a dhéanamh chun nach dtiocfaidh meath níos mó ar chaighdeán agus an nós a chur ar gcúl sa treo is, in imeacht na mblianta, go mbeimid ábalta uisce, ar chaighdeán a chothaíonn a riachtanais, a chur ar aghaidh go dtí na glúine atá le teacht.

Meas ar lánpháirtiú éiceolaíochta agus ar bhithéagsúlacht

T É A M A

Prionsabal 5:

Ba cheart éagsúlacht an fhiadhúlra, na ngnáthóg agus na speiceas a choimeád agus a fheabhasú

Brí, ciall, údar

Tá córais éiceolaíochta ina mbonn agus ina réamhchoinníoll don bheatha ar fad. Ba cheart an luach intreach atá in éagsúlacht na speiceas agus na ngnáthóg a aithint. Tá sé ina réamhchoinníoll i gcomhair leanúnacht na gcóras atá ina mbeatha go ndéanfaí cothabháil ar bhithéagsúlacht. Fadhb thromchúiseach is ea cailleadh na bithéagsúlachta ar leibhéal domhanda. Braitheann coimeád na ngás atmaisféarach (mar shampla ocsaigin a choimeád ag leibhéal ard, dé-ocsaíd charbóin a choimeád ag leibhéal íséal), caomhnú thorthúlacht na hithreach agus an uisce, seachaint chomhchruinnithe tocsaineacha d'ábhair truailithe agus tocsainí a thárlaíonn go nádúrtha, go léir ar chúrsaí bhithgheoiceimiceach, ar a n-áirítear meascán de phróisis geolaíochta agus éiceolaíochta. Taispeáineann taighde go n-oibríonn na próisis éiceolaíochta seo i bhfad níos éifeachtaí i bpobail ina bhfuil saibhreas speiceas ach tá cuid mhaith bearnaí inár n-eolas.

In éineacht leis an luach intreach atá in éagsúlacht mhór speiceas agus gnáthóg, tá buanna suntasacha eile ag pobail bhithéolaíochta ar nós cosaint ar sholáthairtí uisce, bia a chur ar fáil dúinn, plandaí agus foinsí do dhrugaí nua agus speicis gairneoireachta. Ar bhonn eacnamaíochta tugann eolaíocht géinbhuanithe deiseanna d'fhorbairt bharr, drugaí agus amhábharr nua. Tá an bhithéagsúlacht agus meas ar an nádúr i gcruthanna éagsúla lárnach do chaighdeán maireachtála an chine daonna: is acmhainní tábhachtacha aestéitiúla agus taitneamhachta iad gnáthóga agus tírdhreacha atá saibhir le speicis.

Ábharthacht d'Éirinn

Tá éagsúlacht shaibhir ghnáthóg agus speiceas in Éirinn. Chun an cailleadh atá fulangtha a stad agus chun an éagsúlacht sin a choimeád ní foláir dul i mbun gnímh chun a chinntiú go bhfuil raon agus líon dóthanach de láithreáin agus de speicis curtha san áireamh chun iad a chosaint ó ghníomhaíocht fhorbartha nach bhfuil inbhuanaithe (is é sin aon ghníomhaíocht a bhainfeadh an bonn ó chaomhnú gnáthóg nó speiceas). Tá cailleadh gnáthóg, truailiú agus speicis a thugtar isteach ar na baoil is mó don bhithéagsúlacht in Éirinn. Cúis thromchúiseach eile is ea an t-easpa sonraí atá ann maidir le gach grúpa plandaí agus ainmhithe. Ar na gnáthóga a bhfuil cosaint ag teastáil uathu tá coillearnaigh (dhúchasacha) agus fála sceaigh, portaigh agus criathraigh, eiscir, turlaigh, gnáthóga fionnuisce agus gnáthóga cósta agus mara. Ní mór dúinn deireadh a chur le gach foinse truailithe don talamh, don fharraige agus don aer a bhaineann an bonn ó acmhainn iompair na gcóras atá beo agus a chinntiú nach ndéanann ualaigh ábhair cothaithe agus truailithe i sruthchúrsaí díobháil don bhithéagsúlacht. Tá gá le brostú a dhéanamh ar phróiseas bhainistithe fhollasaigh inbhuanaithe ar láithreáin agus ar speicis ainmnithe agus iachall a chur ar gach aon fhorbairt déanamh de réir treoirilínte pleanála; áirithe anseo bheadh rialú agus smachtú dian ar ghníomhaíocht draenála agus eastósctha chun díobháil do phortaigh, do chriathraigh, d'eiscir, do thurlaigh agus do bhogaigh eile, chomh maith le gnáthóga cósta (ar a n-áirítear réileáin láibe ag inbhir, dumhcha gainimhe, machairí agus gnáthóga eile atá leochailleadh) a sheachaint. Ina theannta sin ba cheart treoracha a fhorbairt do ghairmeacha tábhachtacha agus oideachas éiceolaíochta a thabhairt isteach i ngach cineál oideachais agus oiliúna.

TÉAMA

Cothromas idir tíortha agus réigiúin

Prionsabal 6:

Ba cheart an t-aer agus an t-atmaisféar a chosaint agus tionchar an duine ar an aeráid a laghdú chomh mór agus is féidir

Brí, ciall, údar

Tá an córas a choimeádann an dé sa bheatha ar domhan ag oibriú ag scála domhanda. D'fhéadfadh polasaithe i bpáirt amháin den domhan tionchar bheith acu ar an domhan ar fad nó ar chuid de. Dá bhrí sin is gá a chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ar stáit eile ag polasaithe agus gníomhartha laistigh d'aon stát ar leith. Sampla príomhúil de sin is ea athrú aeráide de dheasca ghníomhartha an duine. Coimeádtar aeráid sa domhain seo mar thoradh ar gháis san atmaisféar a ghabhann go nádúrtha roinnt teasa gar do dhromchla an domhain, teas a bheadh gathaithe isteach sa spás mura mbeadh sin. Seo próiseas atá ag tarlú le mórán milliún bliain. Bíonn tionchar ag athruithe i gcomhshuíomh na ngás san atmaisféar ar an tslí a n-oibríonn an próiseas. Dá bhrí sin, méadaíonn astú gás ar nós dé-ocsaíd charbóin agus meatán (gáis cheaptha teasa), ar gníomhaíocht dhaonna is cúis leo, an méid teasa a gabhtar in aice le dhromchla an domhain agus dá bhrí sin éiríonn an dhromchla níos teo. Tá sé de chumas ag astuithe ó stát amháin cur isteach ar gach stát eile. Ní bheidh stáit, a dheineann bainistiú ar a gcuid astuithe sa tslí is nach gcuirtear isteach ar chothromaíocht na ngás cheaptha teasa, in ann sochar a bhaint as buntáistí na bpolasaithe sin mura ndéanann stáit eile bainistiú éifeachtach ar astuithe. Bíonn stáit, a bhfuil astuithe ísle acu mar thoradh ar leibhéal íseal tionsclaíochta, suite go minic i limistéir den domhan ina mbítear ag súil go mbeadh iarmhairtí mhóra ag mionathruithe aeráide orthu, ar nós gaineamhlaigh a bheith ag teacht i ngaobhar dóibh nó laghdú ar acmhainní uisce atá gann cheana féin. Bainfidh méadú teochta ar domhan le méadú domhanda i leibhéal na farraige, rud a bhféadfadh cúinsí tubaisteacha bheith aige do dhaoine atá ina gcónaí ar oileáin atá déanta as coiréal agus ar cheantair ar ísleáin ar nós deilteanna. Ceaptar chomh maith go rachaidh méadú sa teocht i dtreo timthriall hidreolaíoch níos bríomhaire, le triomach níos déine agus/nó tuille i gceantair áirithe agus b'fhéidir go dtarlódh tarluithe níos déine titim bháistí. Chun cothromas idir-reigiúnach a bhaint amach, dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeadh gach stát toilteanach agus sásta le feidhmiú pholasaithe chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar gháis cheaptha teasa ag leibhéal gur dócha nach mbeidh siad ina gcúis le hathrú aeráide.

Ábharthacht d'Éirinn

Tá Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide foilsithe ag Rialtas na hÉireann atá deartha chun leaghdú isteach agus amach le 20% a éileamh sna hastuithe atá ann faoi láthair. Níltear ró-shoiléir go fóill mar gheall ar thoradh na hidirbheartaíochta in Kyoto agus is dócha go gcuirfidh an tAontas Eorpach céimeanna i bhfeidhm a bheadh deartha chun laghdú a dhéanamh ar astuithe agus mar bhallstát beidh iachall ar Éirinn laghdú a dhéanamh ar astuithe. Is iad na príomhfhoinsí i láthair na huaire ná giniúint leictreachais (stáisiúin a bhfuil ola, gual agus móin á ndó iontu), iompar (eitleáin, gluaisteáin agus Feithicilí Troma Earraí ach go háirithe), talmhaíocht (meatán ó ainmhithe agus fuílligh orgánacha) agus teas tís (gual, ola agus gás). Chun laghdú suntasach a dhéanamh ar ár n-astuithe ní foláir d'Éirinn bearta a chur i gcrích chun go mbeadh tionchar nach beag acu ar ghníomhaíocht a bhaineann leis na mór-fhoinsí seo. Má theipeann ar chur i gcrích na mbearta sin beidh impleachtaí a d'fhéadfadh bheith an-tromchúiseach ann do dhaoine ar fud na hÉireann, ar a mbeidh méadú ar thuille, níos mó tarluithe a bhaineann le stoirmeacha agus an tionchar a bheidh ag titim bháistí níos airde sa gheimhreadh agus níos ísle sa samhradh, chomh maith leis an gcostas don eacnamaíocht as laghdú a dhéanamh ar astuithe sna glúine atá romhainn.

T É A M A

Cothromas idir tíortha agus réigiúin

Prionsabal 7:

Níor cheart go ndéanfadh forbairt ar acmhainneacht acmhainní i réigiún amháin an bonn a bhaint ón gcumas atá ag réigiúin eile a n-acmhainneacht féin a bhaint amach

Brí, ciall, údar

Níor cheart go ndéanfadh forbairt réigiúin amháin ar scála áitiúil, náisiúnta nó domhanda, an bonn a bhaint ó chumas réigiúin eile a n-acmhainneacht féin (i.e. úsáid a bhaint as lánacmhainn d'fhorbairt a eascraíonn as ioncam ó acmhainní nádúrtha, daonra, gníomhaíocht eacnamaíoch, caipiteal sóisialta agus suíomh). Ba cheart go gcuirfí san áireamh le linn gníomhaíochta ar chríocha i uachtar srutha na torthaí nach mbeadh coinne leo go minic ar chríocha le sruth síos (mar shampla an tionchar a bheadh ag ábhair thruaillithe ag gluaiseacht trí aibhneacha). Is féidir go mbeadh drochthionchar ag éifeacht carnach ghníomhaíocht eacnamaíoch i réigiún amháin ar réigiún eile (mar shampla báisteach aigéadach bheith ag tarlú i bhfad ó bhaile ón chéad fhoinsé truaillithe). D'fhéadfadh carnadh ábhar dramhaíola agus cleachtais neamhéifeachtacha i mbainistiú dramhaíola cur isteach ar chumas réigiúin eile dramhaíl a bhainistiú i modh inbhuanaithe. Cuirfidh truailliú ar fhoinsí uisce trí gníomhaíocht talmhaíochta nó gníomhaíocht uirbeach/tionsclaíochta agus úsáid mí-éifeachtach ar uisce (mar shampla trí ró-eastóscadh) isteach ar chumas cheantair eile laistigh de dhobharcheantar a n-acmhainneacht a bhaint amach. Nuair a athraítear réimsí móra d'fhoraois thropiciúil isteach ina dtailte féaraigh, mar shampla, ní hamháin go mbaineann sin an bonn ón mbithéagsúlacht ach chomh maith leis sin ón gcumas chun forbairt eacnamaíoch dhúchasach a dhéanamh a bhíonn bunaithe ar bhainistiú foraoise inbhuanaithe. Ní aithníonn truailliú aeir teorainneacha náisiúnta. Tionchair a ghintear i réigiúin áirithe d'fhéadfaidís cur isteach ar chinn eile trí dhíobháil a dhéanamh d'atmaisféar an domhain. Ar an leibhéal domhanda, tá tionchar díreach ag raon agus cineál chúrsaí forbartha in Éirinn agus i dtíortha agus réigiúin níos forbartha an Tuaiscirt (domhandú) ar chumas tíortha níos boichte a riachtanais féin a bhaint amach trí úsáid a bhaint as a n-acmhainní féin.

Ábharthacht d'Éirinn

D'fhéadfadh leibhéal forbartha reatha i réigiún Bhaile Átha Cliath ach go háirithe an bonn a bhaint ó chumas réigiúin eile a n-acmhainneacht a bhaint amach. Ag an am céanna is folasach iad iarmhairtí na forbartha míchuí i gceantair uirbeacha; brú méadaithe agus laghdú ar chaighdeán na beatha. Tá trácht ar bhóithre i gceantair uirbeacha ar an bhfoinsé truaillithe aeir is mó. Ar athrú go dtí modhanna iompair eile nach mbíonn an oiread truaillithe ag baint leo déanfar laghdú ar an tionchar carnach ar chaighdeán an aeir do gach réigiún.

In éagmais aon pholasaí a bheith ann maidir le bainistiú ar chriosanna cósta tá forbairt neamhoiriúnach ag cur as don acmhainneacht do ghníomhartha inbhuanaithe i gcriosanna cósta. Tá uiscebhealaí intíre ina n-acmhainn shuntasach. Is gá pleanáil atá bunaithe ar dhobharcheantair chun a chinntiú nach gcuireann úsáid acmhainní uisce intíre do aon gníomhaíocht amháin isteach ar fhorbairt ar a mhalairt de ghníomhaíochtaí a bhíonn níos inbhuanaithe.

Cothromas sóisialta

TÉAMA

Prionsabal 8:

Ba cheart uilechuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn lena chinntiú go mbeadh caighdeán maith saoil ag cách

Brí, ciall, údar

Ba cheart do phleanáil don todhchaí díriú isteach ar na riachtanais a bhíonn ag cách, sa ghlúin seo agus sna ghlúine atá le teacht, caighdeán saoil a bhaint amach a sholáthraíonn nithe riachtanacha agus a thairgeann dínit. Tá gá le uilechuimsitheacht shóisialta agus comhionannas torthaí, ionas nach mbíonn aon idirdheighilt ina mbíonn earnálacha áirithe den phobal ar mhí-bhuntaíste agus nach mbíonn siad ábalta freastal ar a riachtanais féin dá bhrí sin. Tá go leor cúiseanna ann go bhfuil sé sin tábhachtach agus tá cur síos ar chuid acu anseo. Ar leibhéal an-phraiticiúil ní féidir pleanáil fhadtréimhseach a dhéanamh i sochaí a bhfuil an bochtanas go rábach ann; ar ndóigh is féidir a thuiscint go bhfuil daoine tógtha i bhfad níos mó lena riachtanais laethúla a shásamh in aon tslí atá ar fáil dhóibh. Tá difríochtaí suntasacha i measc grúpaí sóisialta agus i gcaighdeán saoil agus saibhris ag obair i gcoinne uilechuimsitheacht shóisialta. Gan uilechuimsitheacht shóisialta a bheith ann bíonn sé thar a bheith deacair straitéisí fadtréimhseacha a chur i gcrích. Tá gach duine, mar cheart daonna, i dteideal deis a fháil chun slí bheatha a bhaint amach agus caighdeán sásúil maireachtála a bhaint amach. Ach tá bacainní sóisialta agus eacnamúla ann ar cothromas den sórt sin a bhaint amach.

Ábharthacht d'Éirinn

In Éirinn féin tá samplaí ann de neamhchothromais i gcúrsaí saibhris agus i gcaighdeán saoil, i mbailte móra agus i gcathracha, i bpobail tuaithe agus i measc grúpaí sóisialta ar leithligh, ar nós an Lucht Siúil. Níl roinnt cothrom déanta ar na sochair a bhain leis an mborradh eacnamaíochta le déanaí agus tá sé seo ina chúis le méadú seachas laghdú a dhéanamh ar na difríochtaí sa chaighdeán saoil. Glactar le rochtain ar sheirbhísí bunúsacha, agus a bheith in ann riachtanais bhunúsacha a bhaint amach, a bheith mar chuid riachtanach i leith forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Mar sin féin, tá leibhéal ard comparáideach den neamhlitearthacht fheidhmiúil fós in Éirinn, le blianta beaga anuas tá méadú ag teacht ar líon na ndaoine gan dídean agus fadhbanna i leith rochtain ar chóiríocht agus ar sheirbhísí, ach go háirithe acu seo nach bhfuil chomh maith sin as. Téann na míchothromais seo i gcoinne uilechuimsitheacht shóisialta agus cruthaíonn siad fadhbanna ar gá aghaidh a thabhairt orthu laistigh de straitéis leathan ionas go ngluaisfidh Éirinn i dtreo na hinbhuanaitheachta. Ní foláir na constaicí atá i gcoinne forbairt agus rannpháirtíocht inbhuanaithe a aithint agus fáil réidh leo chomh fada agus is féidir sin.

Cothromas sóisialta

TÉAMA

Prionsabal 9:

Braitheann forbairt inbhuanaithe ar chomhoibriú agus ar chomhréiteach idir stáit

Brí, ciall, údar

Bíonn bacainní eacnamúla i bhfeidhm ar scála náisiúnta agus é mar thoradh orthu go mbíonn eisiámh leanúnach agus méadú ar mhíchothramas idir shuibhreas na dtíortha saibhre agus na dtíortha bochta. Mura ndéanfar na difríochtaí seo a laghdú cuirfidh siad as d'iarrachtaí chun an leibhéal riachtanach comhoibríthe agus comhréitigh ar bhonn idirnáisiúnta a bhaint amach má táimid le dul i dtreo na inbhuanaitheachta ar scála domhanda. Caithfidh comhaontuithe trádála idirnáisiúnta na tionchair leathana atá ag domhandú ar an sochaí agus ar an timpeallacht a chur san áireamh ina iomláine. Cuireann trádáil inbhuanaithe le cothromas shóisialta agus eacnamaíochta agus tacaíonn sé le rathúnas eacnamaíochta fad is a chosnaíonn sé an timpeallacht dhomhanda ina chuid éagsúlachtaí ar fad.

Tá go leor samplaí ann de chomhoibriú idirnáisiúnta maidir leis an timpeallacht. Tháinig siad sin chun cinn mar thoradh ar mhéadú ar an imní i dtaobh fadhbanna timpeallachta domhanda ar nós athrú aeráide agus leibhéal farraige a bheith ag éirí; ídiú ar an ózón; dífhoraísiú agus cailleadh bithéagsúlachta chomh maith lena aithint go mbíonn toisí tras-teorainneacha ag go leor gnéithe den timpeallacht. Tá truailliú aeir tras-teorainneach, truailliú in aibhneacha móra ar nós na Réine, trácht idirnáisiúnta i bhfuílligh tocsaineacha agus ainmhithe atá gann agus éifeachtaí leathana an truaillithe radaighníomhaigh ar an aer is ar an bhfarraige ina samplaí breise d'fhadhbanna idirnáisiúnta a bhfuil comhoibriú idirnáisiúnta riachtanach ina dtaobh má táthar lena leigheas.

Ábharthacht d'Éirinn

Tá eacnamaíocht agus trádáil oscailte leis an gcuid eile den domhan ar bun anseo in Éirinn. Dá bhrí sin tá an fhreagracht ann dul i ngleic le ceisteanna sóisialta agus eacnamaíochta a eascraíonn as comhaontuithe trádála domhanda. Ina measc sin tá bunú comhaontuithe trádála a chruthaíonn saibhreas agus dea-bhail breise i gcomhpháirtíochtaí trádála nach bhfuil chomh maith as agus a laghdaíonn cúinsí a mbíonn tionchair dhochracha acu ar an timpeallacht. Is féidir le hÉirinn bheith páirteach i bhforbairt pholasaithe nua, maidir le, mar shampla, rialacháin trádála agus faoiseamh ar fhíacha, trí bheith rannpháirteach go gníomhach i ndéanamh polasaithe ag an Aontas Eorpach agus sna Náisiúin Aontaithe agus tacaíocht a thabhairt do chomhaontuithe ar nós Rio (Clár Oibre don 21ú Aois) agus Prótocal Kyoto.

Tá ról ag Éirinn chomh maith i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaí a bhaineann le, mar shampla, aigéadú, agus trádáil i bhfiadhúlra i mbaol agus is féidir léi gníomhú in éineacht le ballstáit eile an Aontais Eorpaigh i gcaomhnú fhiadhúlra agus ghnáthóga na hEorpa. Tá imní faoi leith ar mhuintir na hÉireann mar gheall ar thruailliú núicléach ar thimpeallachtaí mara, a bhaineann le hionad Sellafield sa Bhreatain Mhór: tá sé rí-shoiléir anseo go bhfuil gá le comhoibriú idirnáisiúnta. In éineacht leis sin, tá ról tábhachtach ag Eagraíochtaí Neamh-Rialtais sa chúram.

Tá cruthú shoचाí níos cothromaí ag leibhéal idirnáisiúnta chun leasa fadtréimhsigh na hÉireann, mar mura dtarlaíonn an t-athrú sin, beidh gluaiseacht i dtreo na hinbhuanaitheachta i bhfad níos deacra le baint amach.

TÉAMA

Meas ar oidhreacht/ éagsúlacht chultúir

Prionsabal 10:

Ba cheart ardchaighdeán na tírdhreach, oidhreacht na timpeallachta atá cruthaithe ag an duine agus acmhainní cultúrtha agus stairiúla a choimeád agus a fheabhasú

Brí, ciall, údar

Tugann oidhreacht agus cultúr cúnamh riachtanach do chaighdeán na beatha, tugann sé comhthéacs agus comhleanúnas don am i láthair a thugann aitheantas don mhéid atá tugtha dúinn ag an am a caitheadh. Ní mór bearta a ghlacadh chun éagsúlacht leanúnach teangacha agus cultúr ar fud an domhain a chinntiú; mar aon le ceol agus ealaín; chun bainistiú a dhéanamh ar an oidhreacht nádúrtha lena n-áirítear gnáthóga agus speicis, tírdhreacha speisialta agus limistéir ardtaitneamhachta; agus chun cosaint a dhéanamh ar chomhpháirteanna den oidhreacht seandálaíochta, stairiúil, ailtireachta, tionsclaíochta agus dhúchasach, chomh maith le béaloideas agus eitneolaíocht a chomhdhéanann ár n-oidhreacht chultúrtha.

Ábharthacht d'Éirinn

Tá oidhreacht láidir ilghnéitheach in Éirinn, a dtiteann cuid mhaith de faoi anáil na Comhairle Oidhreachta. Ba cheart go mbeadh tacaíocht leanúnach ann chun gach gné dár gcultúr oidhreachta a chur chun cinn lena n-áirítear an Ghaeilge, ceol, litríocht, béaloideas agus saol na ndaoine. Is cuid shuntasach den chultúr oidhreachta é cultúr an Lucht Siúil. Ag an am céanna ba cheart aitheantas a thabhairt don saibhreas cultúrtha atá i dteangacha agus i nósanna eile agus meas a bheith orthu as iad a bheith ag cur leis an athrú leanúnach atá ag teacht ar éagsúlacht chultúir.

Tá tírdhreach chuid mhaith d'Éireann múnlaíthe ag gníomhaíocht dhaonna leis na mílte bliain; dá bhrí sin ba cheart go gcumhdódh diminsean timpeallachta na hinbhuanaitheachta chomh maith an timpeallacht déanta ó láimh agus an oidhreacht chultúir fhoirgnithe. Tá lánpháirtiú an tírdhreacha bheo i mbaol ag na hathruithe atá ag tarlú go mear i roinnt earnálacha. In éagmais aon pholasaí soiléir a bheith ann i dtaca le bainistiú an tírdhreacha, d'fhéadfadh nach mbeadh a leithéid seo de ghníomhaíocht forbartha inbhuanaithe. Ta dréachtpholasaí i leith an tírdhreacha ullmhaithe ag an gComhairle Oidhreachta, a aithníonn go mbíonn an duine agus an tírdhreach ag brath ar a chéile. Is gá treoirlínte i dtaobh bhainistiú an tírdhreacha a bheith curtha san áireamh i gcúrsaí pleanála ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus contae chun go ndéanfaí lánpháirtiú níos fearr ar pholasaithe earnálacha, le tagairt ar leith do lonnaitheacht, foraoiseacht, talmhaíocht, turasóireacht, caitheamh aimsire, an mhuir, fuinneamh, iompar agus tionscal.

Is cuid mhór d'oidhreacht na hÉireann í an timpeallacht fhoirgnithe. Tá polasaithe ann chun cosaint a dhéanamh ar fhoirgnimh stairiúla, tithe móra faoin tuath agus séadchomharthaí ailtireachta ach is gá feabhas agus méadú a chur ar na polasaithe d'fhonn is cosaint agus bainistiú a chinntiú in am a bhfuil athruithe ag tarlú go mear. Ach go háirithe, tá gá le heolas níos fearr a chur ar lámhdhéantúsáin fhoirgnithe, an ailtireacht dhúchasach agus an tseandálaíocht thionsclaíoch.

Dea-chinnteoireacht

T É A M A

Prionsabal 11:

Ba cheart cinnteoireacht a thiomnú go dtí an leibhéal cuí

Brí, ciall, údar

Cuireann Clár Oibre 21 agus Dearbhú Rio béim ar an tábhacht atá le rannpháirtíocht, ag aithint na tábhachta atá le heolas áitiúil/dúchasach. Aithníonn coimhdeacht, a chiallaíonn go ndéantar cinnteoireacht ag an leibhéal cuí is ísle, an tábhacht atá le húnéireacht na cinnteoireachta. Ciallaíonn sé sin go gcaithfear cinnteoireacht maidir le húsáid acmhainní, ar a n-áirítear polasaí eacnamaíochta agus sóisialta, a thógáil, chomh fada agus is féidir, ar an láthair ina bhfuil na hacmhainní seo le húsáid. Caithfear cuid den chinnteoireacht a dhéanamh ar leibhéal domhanda mar cuireann a dtagann ina ndiaidh isteach ar gach duine, mar shampla, comhaontuithe idirnáisiúnta ar Bhithéagsúlacht agus Athrú Aeráide. Tá baint ag cuid eile acu le heagrais ar nós an Aontais Eorpaigh: dá bhrí sin cinntíonn treoracha i leith pholasaí sóisialta, mar shampla, go gcaitear mar a chéile le saoránaigh is cuma cá bhfuil siad lonnaithe; trí threoracha Eorpacha tá cosaint á déanamh ar ghnáthóga agus ar speicis ar mhaithe le gach duine. Déantar cinnteoireacht eile ag leibhéal náisiúnta chun cosaint a dhéanamh ar leasanna náisiúnta, agus ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil chun a chinntiú go mbeadh pobail rannpháirteach i bpolasaithe agus i ngníomhartha a mbíonn tionchar acu orthu.

Ábharthacht d'Éirinn

Go dtí le déanaí tá cineál rialtais anseo in Éirinn atá thar a bheith lárnach agus gan ach cumhacht an-theoranta ag rialtas áitiúil. Tá leasú reatha an rialtais áitiúil ag dul i ngleic leis an easnamh atá i gcinnteoireacht ar leibhéal áitiúil le scóp rannpháirtíochta a mhéadú trí Choistí Polasaí Straitéisigh agus Boird Forbartha Contae/Cathrach. Tá straitéisí fadtréimhseacha contae agus cathrach ag iarraidh dul i ngleic leis an speictream iomlán de ghníomhaíocht eacnamaíochta agus shóisialta i gcomhthéacs inbhuanaithe. Cuireann na Boird seo creat institiúideach ar fáil do Chlár Oibre 21 ag leibhéal contae/cathrach. Tá an Straitéis Spásúil Náisiúnta ag forbairt creata fhadtréimhsigh chun forbairt chothrom réigiúnach a bhaint amach. Beidh athruithe ar phróisís chinnteoireachta ag teastáil ó na straitéisí seo, ar leibhéal náisiúnta chomh maith le leibhéal áitiúil, chun réitigh éifeachtacha a fháil ar fhabhbanna reatha. I gcúrsaí iompair, mar shampla, atá riachtanach chun go n-úsáidfí acmhainní níos éifeachtaí, caithfear smacht éigin ar chinnteoireacht a fheidhmiú ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun a chinntiú go scrúdófar agus go n-úsáidfear na roghanna atá ann ó thaobh iompair phoiblí de.

Tá struchtúir áitiúla forbartha comhpháirtíochta atá bunaithe ar limistéir tagtha chun cinn i gcomhthéacs na tuisceana a bheith ag méadú ar fud an domhain, go náisiúnta agus go háitiúil, le bheith inbhuanaithe, gur chóir go dtabharfadh an fhorbairt feabhas i gcoinníollacha sóisialta agus fisiciúla i gcrích, agus ní sin amháin ach go gcuirfidh sí le feabhas i gcumas na ndaoine agus na bpobal na coinníollacha sin a rialú agus a bhuanú.

Dea-chinnteoireacht

T É A M A

Prionsabal 12:

Ba cheart rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara a chur chun cinn go dtí gach leibhéal cinnteoireachta

Brí, ciall, údar

Má táthar chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na forbartha inbhuanaithe beidh comhoibriú agus comhthoil ag teastáil agus rannpháirtíocht na ngníomhaithe ar fad sa phobal, lena n-áirítear an sochaí chathartha. Gan a leithéid de rannpháirtíocht ghníomhach a bheith ann ní beifear in ann na hathruithe a dhéanamh ar an tsochaí atá riachtanach chun difríocht mhór a dhéanamh. Is gá rannpháirtíocht na saoránach i gcúrsaí cinnteoireachta lena chinntiú go mbíonn diminsin shóisialta agus timpeallachta, chomh maith le diminsin eacnamaíochta, san áireamh sa phróiseas.

Méadóidh rannpháirtíocht i gcinnteoireacht an leibhéil feasachta agus dá bhrí sin an leibhéal tuisceana. Bíonn gníomh mar thoradh ar thuiscint níos fearr, ag leibhéal aonair agus corparáideach, chun athruithe a dhéanamh ar mhodhanna saoil – i dtaca le húsáid níos éifeachtaí ar dhéanamh ar acmhainní agus caomhnú na hoidhreachta. Dá bhrí sin is cuid riachtanach do phróiseas na forbartha inbhuanaithe is ea rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Modh is ea an chomhpháirtíocht chun go mbeadh na páirtithe leasmhara ar fad rannpháirteacht i gcinnteoireacht a mbíonn tionchar aici ar an gcaighdeán saoil. San áireamh ansin tá tiomantas d'iontaoibh a bhunú, saineolas a roinnt agus obair i dtreo na comhthola. Tá rannpháirtíocht agus freagracht na bpáirtithe leasmhara tábhachtach ag gach leibhéal rialtais agus rialaithe, ó leibhéal domhanda anuas go leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Ar leibhéal domhanda, bhí próiseas Rio mar chomhartha do thús rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara. Bhí Cúigíú Clár Gníomhartha Timpeallachta an Aontais Eorpaigh, *I dtreo na hInbhuanaitheachta*, ina chúis le bunú fóraim ina raibh go leor páirtithe leasmhara rannpháirteach agus a lean orthu le gníomhartha chun an clár a chur i bhfeidhm. Glactar leis anois go bhfuil rannpháirtíocht shaoránach i bhforbairtí áitiúla ina eochair do chomhionannas, d'uilechuimsitheacht agus d'inbhuanaitheacht.

Ábharthacht d'Éirinn

In Éirinn, cuid thábhachtach d'fhorbairt pholasaí náisiúnta le tamall maith de bhlianta is ea rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara i bhfoirm na Comhpháirtíochta Sóisialta agus comhaontuithe na gcomhpháirtíochtaí náisiúnta. De réir mar atá forbairt tagtha ar an bpróiseas, tá na comhpháirtíochtaí leathnaithe chun go gcuirfí san áireamh iad siúd atá fágtha amach as a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht. Is é an dúshlán anois dul i dtreo rannpháirtíocht cheart agus tacú le rannpháirtíocht na ndaoine atá fágtha as an áireamh go traidisiúnta chun a chinntiú go mbeidh sé ina bhonn le hathrú sóisialta.

Tá sé mar chúram ar an gcóras rialtais áitiúil in Éirinn raon seirbhísí a chur ar fáil don phobal a mbíonn sé ag freastal air, trí chóras daonlathach ina ndéantar comhairleoirí a thoghadh go háitiúil. Mar sin féin, aithnítear de réir a chéile gur próiseas ilthoisiúil í an fhorbairt, ar a n-áirítear cuspóirí eacnamaíola, sóisialta agus timpeallachta, ach nach féidir a thabhairt i gcrích go rathúil trí rialú rannpháirteach díreach agus trí chomhpháirtíochtaí tras-earnalacha. Go traidisiúnta níor thug an córas rialtais áitiúil deis do shaoránaigh gabháil i mbun an phróisis ach amháin i rannpháirtíocht theoranta éighníomhach. Tá an scóip chun gabháil i mbun phróiseas an rialtais áitiúil agus an rialaithe leathnaithe go suntasach trí chomhlachtaí comhpháirtíochta agus níos déanaí ná sin trí bhunú Bhoird Forbartha Contae/Cathrach ar iarracht iad chun rialtas áitiúil agus struchtúir forbartha áitiúla a lánpháirtiú agus chun daonlathas rannpháirteach a mhéadú.